

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 276



An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

18 Iúil 2022

Clár

### IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

#### Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

|               |                                                                                                                               |   |
|---------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---|
| 2022/C 276/01 | Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i> . . . . . | 1 |
|---------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---|

### V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

#### Cúirt Bhreithiúnais

|               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |   |
|---------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---|
| 2022/C 276/02 | Cás C-706/21: Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 1 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo – an Phortaingéil) – Petróleos de Portugal – Petrogal, SA v Secretário de Estado dos Assuntos Fiscais (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) agus Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Ceanglas comhthéacs dlíthiúil na díospóide sna príomhimeachtaí agus na cúiseanna go bhfuil gá le freagra ar na ceisteanna arna dtarchur a leagan amach – Do-ghlacthacht fhollasach) . . . . . | 2 |
| 2022/C 276/03 | Cás C-232/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Liège (an Bheilg) a taisceadh an 1 Aibreán 2022 – Cabot Plastics Belgium SA v État belge . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | 2 |
| 2022/C 276/04 | Cás C-241/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Hoge Raad der Nederlanden (an Ísiltír) a taisceadh an 6 Aibreán 2022 – DX . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         | 3 |
| 2022/C 276/05 | Cás C-246/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgerichts Köln (an Ghearmáin) a taisceadh an 8 Aibreán 2022 — Imeachtaí coiriúla i gcoinne BW . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   | 4 |
| 2022/C 276/06 | Cás C-261/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione (an Iodáil) a taisceadh an 19 Aibreán 2022 – Imeachtaí coiriúla in aghaidh GN . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         | 4 |
| 2022/C 276/07 | Cás C-263/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal de Justiça (an Phortaingéil) a taisceadh an 20 Aibreán 2022 – Ocidental – Companhia Portuguesa de Seguros de Vida SA v LP . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        | 5 |

|                           |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |    |
|---------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| 2022/C 276/08             | Cás C-284/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Sozialgericht Nürnberg (an Ghearmáin) a taisceadh an 26 Aibreán 2022 – CK v Familienkasse Bayern Nord . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | 5  |
| 2022/C 276/09             | Cás C-294/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Fhrainc) a taisceadh an 3 Bealtaine 2022 – Office français de protection des réfugiés et apatrides (OFPRA) v SW . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                               | 6  |
| 2022/C 276/10             | Cás C-301/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Ard-Chúirt (Éire) a taisceadh an 3 Bealtaine 2022 – NN v An Bord Pleanála, Éire agus an tArd-Aighne . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              | 7  |
| 2022/C 276/11             | Cás C-311/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Højesteret (an Danmhairg) a taisceadh an 10 Bealtaine 2022 – Anklagemyndigheden v PO agus Moesgaard Meat 2012 A/S . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                | 7  |
| 2022/C 276/12             | Cás C-316/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Como (an Iodáil) arna taisceadh an 11 Bealtaine 2022 – Gabel Industria Tessile SpA, Canavesi SpA v A2A Energia SpA agus páirtithe eile . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              | 8  |
| <b>Chúirt Ghinearálta</b> |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |    |
| 2022/C 276/13             | Cás T-609/19: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 18 Bealtaine 2022 – Canon v an Coimisiún (Iomaíocht – Comhchruinnithe – Tionscal déantúsaíochta feistí leighis – Cinneadh lena bhforchuirtear fineálacha maidir le hoibríocht comhchruinnithe roimh a fógra agus a údarú – Airteagal 4(1), Airteagal 7(1) agus Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 – Idirbheart sealadach agus idirbheart deiridh – Struchtúr sealbhaíochta – Comhchruinniú aonair – Cearta cosanta – Ionchais dhlísteanacha – Prionsabail na dlíthiúlachta – Comhréireacht – Méid na bhfineálacha – Imthosca maolaitheacha) . . . . . | 9  |
| 2022/C 276/14             | Cás T-151/20: Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 11 Bealtaine 2022 – Poblacht na Seice v an Coimisiún (Acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh – Freagracht airgeadais Ballstáit – Dleachtanna allmhairithe – Íocaíochtaí don Choimisiún de mhéideanna a fhreagraíonn d'acmhainní dílse neamh-inghnóthaithe – Caingean bunaithe ar shaibhriú éagórach an Aontais – Oibleagáidí ar Bhallstát maidir le hacmhainní dílse – Oibleagáid ráthaíochta – Díolúine ó méideanna a chur ar fáil a fhreagraíonn do theidliochtaí bunaithe a dearbhaíodh a bheith do-aisghabhála) . . . . .                                       | 9  |
| 2022/C 276/15             | Cás T-408/21 R: Ordú d'Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 25 Aibreán 2022 – HB v an Coimisiún (Imeachtaí eatramhacha – Conarthaí seirbhíse poiblí – Neamhrialtachtaí maidir leis an nós imeachta um dhámhachtain – Méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil – Cinneadh maidir le forfheidhmiú – Iarratas le haghaidh bearta eatramhacha – Éigeandáil – Fumus boni juris – Leasanna a chothromú) . . . . .                                                                                                                                                                                                         | 10 |
| 2022/C 276/16             | Cás T-766/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Aibreán 2022 – DAW v EUIPO – Sapa Building Systems (alpina) (Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar chlárú a tharraingt siar – Gan ghá breithniú) . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        | 11 |
| 2022/C 276/17             | Cás T-273/22: Caingean arna tabhairt an 13 Bealtaine 2022 – Engineering – Ingegneria Informatica v an Coimisiún . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                          | 11 |
| 2022/C 276/18             | Cás T-294/22: Caingean arna tabhairt an 21 Bealtaine 2022 – Mariño Pais agus páirtithe eile v an Coimisiún agus BRA . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      | 12 |
| 2022/C 276/19             | Cás T-296/22: Caingean arna tabhairt an 20 Bealtaine 2022 – Flowbird v EUIPO – Apcoa Parking Holdings (FLOWBIRD) . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         | 13 |
| 2022/C 276/20             | Cás T-300/22: Caingean arna tabhairt an 23 Bealtaine 2022 – Domaine Boyar International v EUIPO – Consorzio DOC Bolgheri e Bolgheri Sassicaia (BOLGARÉ) . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  | 13 |
| 2022/C 276/21             | Cás T-302/22: Caingean arna tabhairt an 23 Bealtaine 2022 – Vinokurov v an Chomhairle . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    | 14 |
| 2022/C 276/22             | Cás T-303/22: Caingean arna tabhairt an 23 Bealtaine 2022 – Dicofarm v EUIPO – Marco Viti Farmaceutici (Vitis pharma Dicofarm group) . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     | 15 |
| 2022/C 276/23             | Cás T-305/22: Caingean arna tabhairt an 24 Bealtaine 2022 – Rashnikov v an Chomhairle . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    | 16 |
| 2022/C 276/24             | Cás T-307/22: Caingean arna tabhairt an 24 Bealtaine 2022 – A2B Connect agus páirtithe eile v an Chomhairle . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              | 17 |
| 2022/C 276/25             | Cás T-309/22: Caingean arna tabhairt an 25 Bealtaine 2022 – PC v an Chomhairle . . . . .                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                           | 17 |

|               |                                                                                                                                                               |    |
|---------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| 2022/C 276/26 | Cás T-311/22: Caingean arna tabhairt an 25 Bealtaine 2022 – AMO Development v EUIPO (Ionstraimí leighis) . . . . .                                            | 18 |
| 2022/C 276/27 | Cás T-314/22: Caingean arna tabhairt an 25 Bealtaine 2022 – an Pholainn v an Coimisiún . . . . .                                                              | 19 |
| 2022/C 276/28 | Cás T-315/22: Caingean arna tabhairt an 27 Bealtaine 2022 – Yayla Türk v EUIPO – Marmara Import-Export (Sütat) . . . . .                                      | 19 |
| 2022/C 276/29 | Cás T-318/22: Caingean arna tabhairt an 30 Bealtaine 2022 – Passalacqua v an Coimisiún . . . . .                                                              | 20 |
| 2022/C 276/30 | Cás T-319/22: Caingean arna tabhairt an 30 Bealtaine 2022 – Krematorium am Waldfriedhof Schwäbisch Hall v EUIPO (aquamation) . . . . .                        | 21 |
| 2022/C 276/31 | Cás T-321/22: Caingean arna tabhairt an 30 Bealtaine 2022 – International Foodstuffs v EUIPO – Société des produits Nestlé (TIFFANY CRUNCH N CREAM) . . . . . | 22 |
| 2022/C 276/32 | Cás T-326/22: Caingean arna tabhairt an 1 Meitheamh 2022 – Konov v an Chomhairle . . . . .                                                                    | 22 |
| 2022/C 276/33 | Cás T-333/22: Caingean arna tabhairt an 6 Meitheamh 2022 – Khan v an Chomhairle . . . . .                                                                     | 23 |
| 2022/C 276/34 | Cás T-563/20: Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Aibreán 2022 – Satabank v BCE . . . . .                                                                          | 24 |
| 2022/C 276/35 | Cás T-148/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 20 Aibreán 2022 – Paccor Packaging agus páirtithe eile v an Coimisiún . . . . .                                    | 25 |
| 2022/C 276/36 | Cás T-199/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Aibreán 2022 – EurO3zon v ECHA . . . . .                                                                         | 25 |
| 2022/C 276/37 | Cás T-20/22: Ordú na Cúirte Ginearálta an 13 Aibreán 2022 – NW v an Coimisiún . . . . .                                                                       | 25 |



## IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó  
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

## CÚIRT BHFREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bfreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2022/C 276/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 266, 11.7.2022

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 257, 4.7.2022

IO C 244, 27.6.2022

IO C 237, 20.6.2022

IO C 222, 7.6.2022

IO C 213, 30.5.2022

IO C 207, 23.5.2022

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: <http://eur-lex.europa.eu>

## V

(Fógairtí)

## NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

## CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 1 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo – an Phortaingéil) – Petróleos de Portugal – Petrogal, SA v Secretário de Estado dos Assuntos Fiscais**

(Cás C-706/21) <sup>(1)</sup>

*(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) agus Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Ceanglas comhthéacs dlíthiúil na díospóide sna príomhimeachtaí agus na cúiseanna go bhfuil gá le freagra ar na ceistanna arna dtarchur a leagan amach – Do-ghlacthacht fhollasach)*

(2022/C 276/02)

Teanga an cháis: an Phortaingéilis

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Iarratasóir: Petróleos de Portugal – Petrogal, SA

Cosantóir: Secretário de Estado dos Assuntos Fiscais

**An chuid oibríochtúil**

Is léir go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú arna taisceadh ag an Supremo Tribunal Administrativo (Cúirt Uachtarach Riaracháin, an Phortaingéil), trí chinneadh an 27 Deireadh Fómhair, do-ghlactha go follasach.

<sup>(1)</sup> Dáta taiscthe: 24.11.2021

**Iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Liège (an Bheilg) a taisceadh an 1 Aibreán 2022 – Cabot Plastics Belgium SA v État belge**

(Cás C-232/22)

(2022/C 276/03)

Teanga an cháis: an Fhraincis

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d'appel de Liège

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Iarratasóir: Cabot Plastics Belgium SA

Cosantóir: État belge

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

- 1) I gcás seirbhísí arna soláthar ag duine inchánach atá bunaithe i mBallstáit do dhuine inchánach eile ag gníomhú sa cháil sin, a bhfuil áit bhunaidh a ghnó lasmuigh den Aontas Eorpach, áit ar eintitis ar leith agus dleathach iad ach ar cuid den ghrúpa céanna iad, go ngeallann soláthróir faoi chonradh go mbainfidh sé leas as a fhearas agus as a fhoireann chun táirgí a tháirge don chustaiméir amháin agus go ndíolann an custaiméir sin na táirgí sin ansin, rud atá ina bhun le soláthar inchánach earraí, dá gcuireann an soláthróir tacaíocht lóistíochta ar fáil agus a bhfuil bunaithe sa Bhallstát faoi chaibidil; An bhfuil Airteagal 44 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 <sup>(1)</sup> agus Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/[2011] ón gComhairle an 15 Márta 2011 <sup>(2)</sup> le léiriú sa chaoi gurb é is brí leo ná nach mór duine inchánach arna bhunú lasmuigh den Aontas Eorpach a mheas amhail is go bhfuil bunaíocht shocair sa Bhallstát sin aige?
- 2) Ar chóir Airteagal 44 de Threoir 2006/112/CE agus Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léiriú sa chaoi gurb é is brí leo ná gur féidir go mbeadh bunaíocht shocair ag an duine inchánach inarb leis an soláthróir na hacmhainní daonna agus teicniúla is gá, ar duine neamhspleách go dleathach é an soláthróir ach gur cuid den ghrúpa céanna é, agus a gheallann faoi chonradh go mbainfear úsáid astu chun leasa an duine inchánach sin amháin?
- 3) An gcaithfear Airteagal 44 de Threoir 2006/112/CE agus Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léiriú sa chaoi gurb é is brí leo ná go bhfuil bunaíocht shocair ag duine inchánach i mBallstát a sholáthróir i bhfianaise go ndéanann an dara duine sin, ar mhaithe leis féin le linn comhlíonadh oibleagáide chonarthaigh eisiaigh, sraith seirbhísí coimhdeacha nó breise ar an obair chonarthaigh sa chiall is doichte, dá bhrí sin ag cur le déanamh na ndíolachán arna dtabhairt i gcrích ag an duine inchánach sin ó áit bhunaidh a ghnó lasmuigh den Aontas Eorpach ach atá ina bhun le soláthar inchánach earraí atá le fáil faoi reachtaíocht CBL i gcríoch an Bhallstáit sin?

<sup>(1)</sup> Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (athmhúnlú) (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Hoge Raad der Nederlanden (an Ísiltír) a taisceadh an 6 Aibreán 2022 – DX****(Cás C-241/22)**

(2022/C 276/04)

*Teanga an cháis: an Ollainnis***An chúirt a rinne an tarchur**

Hoge Raad der Nederlanden

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

DX

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An dtagann na bearta reachtacha a bhaineann le rochtain a thabhairt d'údaráis phoiblí ar shonraí tráichta agus suímh (sonraí sainaitheantais san áireamh) i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh faoi raon feidhme Threoir 2022/58/CE <sup>(1)</sup> má bhaineann siad le rochtain a thabhairt ar shonraí nach gcoinnítear ar bhonn bearta reachtacha atá leagtha amach in Airteagal 15(1) de Threoir 2002/58/CE, ach a choinníonn an soláthraí ar bhonn eile?
2. a) An mbaineann na téarmaí “cionta coiriúla tromchúiseacha” agus “coireacht thromchúiseach”, a úsáidtear i mbreithiúnais na Cúirte Breithiúnais atá luaite i míreanna 5.7 agus 5.8, <sup>(2)</sup> le coincheapa neamhspleácha de chuid dhlí an Aontais, nó an bhfuil sé faoi údaráis inniúla na mBallstát iad féin chun a bhfuil iontu a shonrú?

- b) Más coincheapa neamhspleácha iad de chuid dhlí an Aontais, conas a chinntear céard is “cionta coiriúla tromchúiseacha” nó “coireacht thromchúiseach” ann?
3. An féidir rochtain a thabhairt d’údaráis phoiblí ar shonraí tráchta agus suímh (seachas sonraí sainaitheantais) chun críche cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú a bhrath agus a ionchúiseamh faoi Threoir 2002/58/CE mura bhfuil aon chionta coiriúla nó coireacht thromchúiseach ann, go háirithe nuair is féidir glacadh leis, i gcás sonracha, nach bhfuil ach cur isteach teoranta ag eascairt as tabhairt na rochtana ar na sonraí sin, go háirithe ar an gceart chun príobháideachais dá dtagraítear in Airteagal 2(b) de Threoir 2002/58/CE?

- (<sup>1</sup>) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus le cosaint an príobháideachais in earnáil na cumarsáide leictreonaí (Treoir maidir leis an bpríobháideacht agus leis an gcumarsáid leictreonach (IO 2002 L 201, lch 37)).
- (<sup>2</sup>) Cásanna C-203/15 (Tele2 Sverige), C-698/15 (Watson agus páirtithe eile), C-511/18, C-512/18 agus C-520/18 (La Quadrature du Net agus páirtithe eile), C-207/16 (Ministerio Fiscal) agus C-746/18 (Prokuratuur).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgerichts Köln (an Ghearmáin) a taisceadh an 8 Aibreán 2022 —  
Imeachtaí coiriúla i gcoinne BW**

**(Cás C-246/22)**

(2022/C 276/05)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Amtsgericht Köln

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Duine lena mbaineann:* BW

*Páirtithe eile:* Staatsanwaltschaft Köln, Bundesamt für Güterverkehr

**An cheist a tharchuirtear**

An cuid dhoscartha d’iompar coimeádán luchtaithe é iompar coimeádán folamh chuig an ionad luchtaithe nó ón ionad díluchtaithe sa chaoi is go mbaineann an chóireáil phribhléideach a bhaineann le hiompar coimeádán lán le hiompar coimeádán folamh sa mhéid go bhfuil na coimeádáin fholmha díolmhaithe ó na rialacha cabataíste i gcomhthéacs iompair chomhcheangailte?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione (an Iodáil) a taisceadh an 19 Aibreán 2022 –  
Imeachtaí coiriúla in aghaidh GN**

**(Cás C-261/22)**

(2022/C 276/06)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Corte suprema di cassazione

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Procuratore generale presso la Corte d’appello di Bologna, GN

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

- 1) Ar cheart Airteagal 1(2) agus (3) chomh maith le hAirteagail 3 agus 4 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB (<sup>1</sup>) a léirmhíniú ar bhealach nach gceadaíonn siad don údarás breithiúnach forghníomhaitheach tabhairt suas máthair, le leanaí mionaoiseacha a chónaíonn léi, a dhiúltú nó in aon chás a chur siar?

- 2) Más freagra dearfach atá ar an gcéad cheist, an bhfuil Airteagal 1(2) agus (3) agus Airteagail 3 agus 4 de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ag luí le hAirteagail 7 agus 24(3) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ag breithniú freisin do chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine i ndáil le hAirteagal 8 den CECD agus na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit, a mhéid a éilíonn siad an mháthair a thabhairt suas, naisc a scaradh le leanaí mionaoiseacha a chónaíonn léi gan leas an linbh a chur san áireamh?

(<sup>1</sup>) Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal de Justiça (an Phortaingéil) a taisceadh an 20 Aibreán 2022 – Ocidental – Companhia Portuguesa de Seguros de Vida SA v LP**

(Cás C-263/22)

(2022/C 276/07)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal de Justiça

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Ocidental – Companhia Portuguesa de Seguros de Vida SA

*Cosantóir:* LP

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

- 1) An gcaithfear Airteagal 5 de Threoir 93/13/CEE (<sup>1</sup>), lena bhforáiltear nach mór “*téarmaí a thairgtear don tomhaltóir a dhréachtú i gcónaí i bhfriotail soiléir sothuigthe*”, i bhfianaise an fhichiú haithris den Treoir sin, a léirmhíniú sa chiall is go n-éilítear leis go mbeadh an deis ag an tomhaltóir i gcónaí eolas maith a fháil ar na téarmaí go léir?
- 2) An gcaithfear Airteagal 4(2) de Threoir 93/13/CEE, ar dá réir atá téarmaí a bhaineann le príomhábhar an chonartha faoi réir measúnú ach amháin má “*tá na téarmaí seo i bhfriotail soiléir sothuigthe*”, a léirmhíniú sa chiall is go n-éilíonn sé go mbeadh deis ag tomhaltóirí i gcónaí eolas maith a fháil ar na téarmaí sin?
- 3) I gcomhthéacs na reachtaíochta náisiúnta a cheadaíonn do na cúirteanna athbhreithniú a dhéanamh ar nádúr éagórach téarmaí nár caibidlíodh ina n-aonar maidir le príomhábhar an chonartha a shainiú: (i) maidir le conradh árachais grúpa ranníocach, an gcuireann Airteagal 3(1) de Threoir 93/13/CEE, i gcomhar le pointe (i) den liosta táscach dá dtagraítear in Airteagal 3(3), bac ar an árachóir dul i muinín, i gcoinne an áracháí, ar théarma lena n-eisiatar nó lena dteorannaítear an riosca a bhfuarthas árachas ina aghaidh, i gcás nár tugadh fógra don áracháí faoin téarma sin agus nach raibh deis ag an áracháí eolas a fháil air mar thoradh air sin; (ii) an bhfuil feidhm ag an méid sin roimhe seo fiú i gcás, ag an am céanna, mura bhfuil na dualgais fógra a thabhairt agus faisnéis a sholáthar faoi na téarmaí comhlíonta, faoin reachtaíocht náisiúnta, go bhfuil an sealbhóir polasaí faoi dhliteanas cúiteamh a íoc as damáiste a rinneadh don áracháí i gcás nach ndéantar leis an gcúiteamh, áfach, an t-áracháí a thabhairt ar ais go dtí an staid ina mbeadh sé nó sí dá mbeadh an cumhdach árachais in éifeacht?

(<sup>1</sup>) Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO L 95 1993, lch. 29)

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sozialgericht Nürnberg (an Ghearmáin) a taisceadh an 26 Aibreán 2022 – CK v Familienkasse Bayern Nord**

(Cás C-284/22)

(2022/C 276/08)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sozialgericht Nürnberg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CK

*Cosantóir:* Familienkasse Bayern Nord

**An cheist a tharchuirtear:**

An gcaithfear Airteagal 4 de Rialachán (CE) 883/2004 <sup>(1)</sup> (i gcomhar le hAirteagail 18, 21 agus 45 CFAE) a léirmhíniú sa chiall is go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta nach bhfaigheann oibrí imirceach liúntas leanaí Gearmánach faoi, ar oibrí é a thuilleann ioncam atá faoi réir cháin ioncaim na Gearmáine ach nach bhfuil i gcaidreamh árachais éigeantaigh leis an Bundesagentur für Arbeit (Gníomhaireacht Cónaidhme Fostaíochta) agus nach bhfuil faoi réir dliteanas cánach ioncaim neamhtheoranta sa Ghearmáin?

<sup>(1)</sup> Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO 2004 L 166, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État (an Fhrainc) a taisceadh an 3 Bealtaine 2022 – Office français de protection des réfugiés et apatrides (OFPRA) v SW**

**(Cás C-294/22)**

(2022/C 276/09)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Office français de protection des réfugiés et apatrides (OFPRA)

*Cosantóir:* SW

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

- 1) Beag beann ar na forálacha den dlí náisiúnta lena n-údaraítear, faoi choinníollacha áirithe, fanacht eachtrannaigh mar gheall ar staid a shláinte agus chun é a chosaint, nuair is cuí, ó bheart aistrithe, an gcaithfear Airteagal 12(1)(a) de Threoir 2011/95/AE <sup>(1)</sup> a léiriú sa chaoi gurb é is brí leis ná go bhféadfaí teifeach Palaistíneach atá breoite agus, i ndiaidh dó leas a bhaint as cosaint nó tacaíocht UNRWA, a fhágann an Stát nó an chríoch atá i réimse oibríochta an chomhlachta sin ina raibh gnáthchónaí air ar an mbonn nach raibh rochtain leordhóthanach aige ar an gcúram agus ar an gcóir leighis a bhí de dhíth air de bharr staid a shláinte agus gur baol iarbhir é sin dá shaol agus dá shláine fhisiciúil, a mheas mar a bheith i staid ina bhfuil a shábháilteacht phearsanta i mbaol tromchúiseach agus i ndála nach bhfuil UNRWA in ann coinníollacha maireachtála a chur ar fáil dó i gcomhréir leis an misean as a bhfuil sé freagrach?
- 2) Más rud é go gcaithfear, cad iad na critéir – maidir le tromchúis na breoiteachta nó cineál an chúraim is gá, mar shampla – lena bhféadfaí dálaí dá leithéid a aithint?

<sup>(1)</sup> Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeán i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhéanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (athmhúnlú) (IO 2011 L337, lch. 9).

**Iarraidh ar réamhrialú ón Ard-Chúirt (Éire) a taisceadh an 3 Bealtaine 2022 – NN v An Bord Pleanála, Éire agus an tArd-Aighne**

**(Cás C-301/22)**

(2022/C 276/10)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

An Ard-Chúirt (Éire)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* NN

*Cosantóirí:* An Bord Pleanála, Éire agus an tArd-Aighne

*Fógrapháirtithe:* Bradán Beo Teoranta agus Comhairle Contae na Gaillimhe

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. (a) An ndlitear ar Bhallstáit gach dobharlach a thréithriú agus iad a rangú ina dhiaidh sin, is cuma cé chomh mór is atá siad, agus go háirithe, an ndlitear orthu gach loch ar lú ná 0,5 km<sup>2</sup> a dhromchla toipeolaíoch a rangú?  
(b) Cé chomh difriúil is atá cúrsaí maidir le dobharlaigh i limistéar faoi chosaint, más difriúil iad ar chor ar bith?
2. Dá bhfreagrófaí ceist 1 go ndlitear, an bhféadfadh údarás inniúil chun críocha toilithe don fhorbairt toiliú don fhorbairt le haghaidh tionscadail a dheonú, tionscadal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don dobharlach sula ndéanfaí é a aicmiú agus a rangú?
3. Dá bhfreagrófaí ceist 1 nach ndlitear, céard a dhlitear ar údarás inniúil agus cinneadh á thabhairt aige ar iarratas ar thoiliú don fhorbairt a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhobharlach gan tréithriú agus/nó gan rangú?

**Iarraidh ar réamhrialú ón Højesteret (an Danmhairg) a taisceadh an 10 Bealtaine 2022 – Anklagemyndigheden v PO agus Moesgaard Meat 2012 A/S**

**(Cás C-311/22)**

(2022/C 276/11)

*Teanga an cháis: an Danmhairgis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Højesteret

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Anklagemyndigheden

*Cosantóirí:* PO agus Moesgaard Meat 2012 A/S

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An bhfuil pointe 6.4(a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE<sup>(1)</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) le léirmhíniú amhail go bhfuil an próiseas trína ndéantar feolmhach, lena gcuirtear tús leis an ainmhí a bhaint ón sáinseán, é a stiúradh agus é a mharú agus lena dtugtar chun deiridh leis na gearrthacha móra caighdeánacha a tháirgeadh, ionas go mbeidh meáchan an ainmhí lena mharú le ríomh sula mbainfear a muineál, a chrann, a orgáin agus a ionathar, i gceist le "táirgeadh conablaigh", nó an ionann "táirgeadh conablaigh" agus táirgeadh conablaigh muice tar éis do na horgáin, don ionathar, don mhuineál agus don chrann a bhaint, agus tar éis dó a fhuiliú agus a fhuarú, rud a chiallaíonn nach mór do mheáchan an ainmhí lena mharú a ríomh ag an am sin amháin?

2. An bhfuil pointe 6.4(a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) le léirmhíniú amhail go bhfuil na laethanta ina ndéantar an mhuc lena mharú a stiúdadh, a mharú agus a scláradh le cur san áireamh agus méid na laethanta táirgthe a chuimsítear san acmhainn "in aghaidh an lae" a shocrú, nó an bhfuil na laethanta a dhéantar na hoibríochtaí lena réitítear an mhuc lena mharú, lena n-áirítear an t-ainmhí a ullmhú le feolmhach a dhéanamh de, an t-ainmhí lena mharú a fhuarú agus crann agus muineál an ainmhí a bhaint le cur san áireamh ann?
3. An bhfuil pointe 6.4(a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) le léirmhíniú amhail go bhfuil "acmhainn" seamlais le ríomh mar an t-uastháirgeadh in aghaidh an lae laistigh de 24 uair an chloig, faoi réir fhíorchloí na srianta fisiciúla, na srianta teicniúla agus na srianta dlíthiúla ag lucht an tseamlais, gan í a bheith níos ísle ná an méid táirgthe a bhaintear amach, nó an féidir le "[h]acmhainn" an tseamlais a bheith níos ísle ná an méid táirgthe a bhaintear amach, cuir i gcás, má bhaineadh an méid táirgthe amach beag beann ar na srianta fisiciúla, na srianta teicniúla agus na srianta dlíthiúla a dhéantar talamh slán díobh agus "acmhainn" an seamlais á ríomh?

(<sup>1</sup>) IO 2010 L 334, lch. 17.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Como (an Iodáil) arna taisceadh an 11 Bealtaine 2022 – Gabel  
Industria Tessile SpA, Canavesi SpA v A2A Energia SpA agus páirtithe eile**

(Cás C-316/22)

(2022/C 276/12)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale di Como

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Gabel Industria Tessile SpA, Canavesi SpA

*Cosantóirí:* A2A Energia SpA, Energit SpA, Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

- 1) Go ginearálta, an gcuirtear cosc le córas fhoinsí dhlí an Aontais Eorpaigh agus, go sonrach, an tríú mír d'Airteagal 288, CFAE ar chúirt náisiúnta, i gcomhthéacs imeachtaí idir daoine aonair, foráil a dífheidhmiú faoin dlí náisiúnta a thagann salach ar fhoráil shoiléir bheacht agus neamhchoinníollach de threoir nár trasuíodh nó a trasuíodh go mícheart, agus dá thoradh sin forchuirtear oibleagáid bhreise ar dhuine aonair, i gcás, i gcomhréir leis an gcóras dlí náisiúnta (Airteagal 14(4), Dlí Foraithe 504/1995), gur réamhriachtanas é don duine aonair sin na cearta a thugtar dó nó di leis an treoir sin a dhearbhu i gcoinne an Stáit.
- 2) An gcuirtear cosc le prionsabal na héifeachtachta ar reachtaíocht náisiúnta (Airteagal 14(4) de Dhlí Foraithe Uimh. 504/1995) nach gceadaítear do thomhaltóir deiridh aisíocaíocht cánach míchuí a iarraidh go díreach ón Stát, ach nach dtugtar ach an rogha dó nó di caingean shibhialta a thabhairt le haghaidh gnóthú i gcoinne an duine inchánach, atá i dteideal amháin aisíocaíocht a fháil ón údarás cánach, i gcás gurb é an t-aon fhoras le haghaidh neamhdhleathacht na cánach ná go bhfuil sí contrártha le treoir [an Aontais] ní féidir brath air ach amháin sa chaidreamh idir an duine atá faoi dhliteanas íoc agus an t-údarás cánach ach ní sa chaidreamh idir an duine atá faoi dhliteanas íoc agus an tomhaltóir deiridh, rud a chuireann cosc go héifeachtach ar chur i bhfeidhm na haisíocaíochta nó, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an prionsabal sin, i gcás ina n-aithnítear go bhfuil seasamh díreach ag an tomhaltóir deiridh caingean a thionscnamh i gcoinne an Stáitchiste, mar chás ina bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair aisíocaíocht cánach a íocadh go míchuí a fháil ón tomhaltóir?

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

## Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 18 Bealtaine 2022 – Canon v an Coimisiún

(Cás T-609/19) <sup>(1)</sup>

*(Iomaíocht – Comhchruinnithe – Tionscal déantúsaíochta feistí leighis – Cinneadh lena bhforchuirtear fineálacha maidir le hoibríocht comhchruinnithe roimh a fógra agus a údarú – Airteagal 4(1), Airteagal 7(1) agus Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 – Idirbheart sealadach agus idirbheart deiridh – Struchtúr sealbhaíochta – Comhchruinniú aonair – Cearta cosanta – Ionchais dhlisteanacha – Prionsabail na dlíthiúlachta – Comhréireacht – Méid na bhfineálacha – Imthosca maolaitheacha)*

(2022/C 276/13)

Teanga an cháis: an Béarla

### Páirtithe

*Iarratasóirí:* Canon Inc. (Tóiceo, an tSeapáin) (ionadaí: U. Soltész, W. Bosch, C. von Köckritz, K. Winkelmann, M. Reynolds, J. Schindler, D. Arts agus W. Devroe, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Coimisiún na hEorpa (ionadaí: G. Conte agus C. Urraca Caviedes, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, ag tacú leis an gcosantóir:* Comhairle na hEorpa (ionadaí: A.-L. Meyer agus O. Segnana, i gcáil Gníomhairí)

### Maidir le:

Iarratas bunaithe ar Airteagal 263 CFAE ag iarraidh, go príomha, go neamhnítear cinneadh C(2019) 4559 ón gCoimisiún, an 27 Meitheamh 2019 lena bhforchuirtear fineálacha maidir le mainneachtain fógra a thabhairt mar gheall ar chomhchruinnithe de shárú ar Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 agus comhchruinnithe a chur chun feidhme de shárú ar Airteagal 7(1) (cás M.8179 – Canon v Toshiba Medical Systems Corporation) agus, mar mhalairt air sin, méid na fineálacha a fhorchuirtear ar an iarratasóir a chealú nó laghdú.

### An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Íocfaidh Canon Inc. as a chostais féin chomh maith le na costais a thabhaigh an Coimisiún Eorpach.
3. Íocfaidh Comhairle na hEorpa as a costais féin.

<sup>(1)</sup> IO C 399, 25.11.2019.

## Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 11 Bealtaine 2022 – Poblacht na Seice v an Coimisiún

(Cás T-151/20) <sup>(1)</sup>

*(Acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh – Freagracht airgeadais Ballstáit – Dleachtanna allmhairithe – Íocaíochtaí don Choimisiún de mhéideanna a fhreagraíonn d'acmhainní dílse neamh-inghnóthaithe – Caingean bunaithe ar shaibhriú éagórach an Aontais – Oibleagáidí ar Bhallstát maidir le hacmhainní dílse – Oibleagáid ráthaíochta – Díolúine ó méideanna a chur ar fáil a fhreagraíonn do theidliochtaí bunaithe a dearbhaíodh a bheith do-aisghabhála)*

(2022/C 276/14)

Teanga an cháis: an Seicis

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Poblacht na Seice (ionadaithe: M. Smolek, J. Vlácil agus O. Serdula, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T. Materne agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí)

*Idirghabhálaithe, i dtacaíocht leis an Iarratasóir:* Ríocht na Beilge (ionadaithe: S. Baeyens agus J.-C. Halleux, i gcáil Gníomhairí), Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire)

### Maidir le

Iarraidh bunaithe ar Airteagal 268 CFAE lena n-iarrtar aisíoc ar an suim de 40 482 255 koruna Phoblacht na Seice (CZK) a íocadh le hacmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

### An chuid oibríochtúil

1. Glactar le caingean Phoblacht na Seice a mhéid a lorgaítear aisíoc ón gCoimisiún Eorpach ar an suim de 17 828 399,66 koruna Phoblacht na Seice (CZK) a íocadh le hacmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.
2. Diúltaítear don chaingean i ndáil leis an gcuid eile.
3. Íocfaidh gach páirtí as a costais féin.

(<sup>1</sup>) IO C 175, 25.5.2020.

## Ordú d'Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 25 Aibreán 2022 – HB v an Coimisiún

(Cás T-408/21 R)

*(Imeachtaí eatramhacha – Conarthaí seirbhíse poiblí – Neamhrialtachtaí maidir leis an nós imeachta um dhámhachtain – Méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil – Cinneadh maidir le forfheidhmiú – Iarratas le haghaidh bearta eatramhacha – Éigeandáil – Fumus boni juris – Leasanna a chothromú)*

(2022/C 276/15)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* HB (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaí: B. Araujo Arce, J. Estrada de Solà agus J. Baquero Cruz, i gcáil Gníomhairí)

### Maidir le

Trína iarraidh bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, bac a chur ar fhorghníomhú Chinneadh C(2021) 3339 final ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 maidir le haisghabháil d'éileamh de shuim de EUR 4 241 507,00 is iníoctha ag an iarratasóir faoin gconradh leis an tagairt TACIS/2006/101-510 agus Chinneadh C(2021) 3340 final ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 maidir le haisghabháil d'éileamh de shuim EUR 1 197 055,86 is iníoctha ag an iarratasóir faoin gconradh leis an tagairt CARDS/2008/166-429; ar an dara dul síos, ordú don Choimisiún Eorpach gan leanúint le haisghabháil na méideanna sna cinntí sin; agus, ar an tríú dul síos, ordú don Choimisiún euro siombalach a íoc as an damáiste.

### An chuid oibríochtúil

1. Cuirtear bac ar fhorghníomhú Chinneadh C(2021) 3339 final maidir le haisghabháil d'éileamh de shuim de EUR 4 241 507,00 is iníoctha ag HB faoin gconradh leis an tagairt TACIS/2006/101-510 agus Chinneadh C(2021) 3340 final maidir le haisghabháil d'éileamh de shuim de EUR 1 197 055,86 faoin gconradh leis an tagairt CARDS/2008/166-429.
2. Forchoimeádtar na costais.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Aibreán 2022 – DAW v EUIPO – Sapa Building Systems (alpina)**(Cás T-766/21) <sup>(1)</sup>**(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar chlárú a tharraingt siar – Gan ghá breithniú)**

(2022/C 276/16)

Teanga an cháis: an Béarla

**Páirtithe***Iarratasóir:* Daw SE (Ober-Ramstadt, an Ghearmáin) (ionadaí: A. Haberl, Dlíodóir)*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: E. Markakis, i gcáil Gníomhaire)*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Sapa Building Systems SpA (Naviglio, an Iodáil)**Maidir le**

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an dara Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Meán Fómhair 2021 (Cás R 2198/2020-2), maidir le himeachtaí freasúra idir Daw agus Sapa Building Systems.

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá a thuilleadh breithniú ar an gcaingean.
2. Íocfaidh gach páirtí as a chostais féin.

<sup>(1)</sup> IO C 64, 7.2.2022.

**Caingean arna tabhairt an 13 Bealtaine 2022 – Engineering – Ingegneria Informatica v an Coimisiún**

(Cás T-273/22)

(2022/C 276/17)

Teanga an cháis: an Iodáilis

**Páirtithe sna príomhimeachtaí***Iarratasóir:* Engineering – Ingegneria Informatica SpA (an Róimh, an Iodáil) (ionadaithe: S. Villata, C. Oncia agus L. Montevecchi, Dlíodóirí)*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- a dhearbhu go bhfuil na bearta sonraithe Coimisiún DH (Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta – Stiúrthóireacht H – Common Implementation Centre – H.2. Common Audit Service) agus ón gCoimisiún Eorpach, ón Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus um Ghnóthaí Baile – go háirithe LOC (Letter of Conclusion Tag. Ares (2021) 7900224 an 21 Nollaig 2021 ón gCoimisiún Eorpach, tag. CAIA389007, FAR (Final Audit Report i gceangal le LOC) an Litir Iarratais (Confirmation Letter, Litir Dheimhnithe ón gCoimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na hOifige um Imirce agus Gnóthaí Inmheánacha an 15 Márta 2022) agus an Nóta Dochair (Nóta ón gCoimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na hImirce agus Gnóthaí Baile Uimh. 3242203436 an 15 Márta, 2022), neamhbhailí, neamhdhleathach, ar ceal nó, ar bhealach eile, neamhéifeachach;
- a dhearbhu go bhfuil na costais eisiata ina “eligible costs” (costais incháilithe) i gcomhréir leis an Grant Agreement (Comhaontú Deontais) “Dante” agus ceart ina dhiaidh sin ag Engineering na costais a mheas chun méid iomlán an deontais atá beartaithe sa chomhaontú thuasluaite a chinneadh agus in aon chás nach bhfuil ceart ag an gCoimisiún na méideanna sin a ghnóthú;
- a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur chuir an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrtóireacht na hImirce agus Gnóthaí Baile, forálacha an Chomhaontaithe Deontais “Dante” i bhfeidhm go hearráideach.
  - Áitíonn an t-iarratasóir ina leith sin go bhfuil an litir dheimhnithe agus an nóta dochair bunaithe ar thoradh iniúchadh a rinne an Coimisiún Eorpach a d’eisiaigh go neamhdhleathach, ó na costais incháilithe faoin gComhaontú Deontais a raibh an t-iarratasóir ina pháirtí ann, chun tairbhe a bhaint as na deontais dá bhforáiltear ann, bónaís a bhronntar ar fhostaithe ar bhonn cuspóirí ginearálta.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar ionchais dhlisteanacha an iarratasóra.
  - Áitítear ina leith sin i gcomhthéacs scéimeanna deontais roimhe seo a raibh an t-iarratasóir ina chuid díobh (go háirithe, den “7ú Clár Réime”), ligeadh isteach gan forchoimeádas don scéim luach saothair a bhí eisiata leis na bearta atá faoi chonspóid, cé go raibh sí faoi réir scrúdú ag an gCoimisiún Eorpach. Leis an athrú gan údar cuí a bheith ag bhreithiúnas an Údaráis maidir le hinghlacthacht bhónais ar phrionsabal an ionchais dhlisteanach, sáraíodh prionsabal an ionchais dhlisteanacha arna dhearbhu arís agus arís eile ag an gCúirt Bhreithiúnais agus ag an gCúirt Ghinearálta.
3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear léirmhíniú earráideach an Chomhaontaithe Deontais “Dante” agus na forála conarthaí gaolmhara, toisc go bhfuil costais incháilithe eisiata ar bhonn shonraí téacsúla an chonartha féin, ar na cúiseanna a leagtar amach i ndáil leis an gcéad saincheist.

---

**Caingean arna tabhairt an 21 Bealtaine 2022 – Mariño Pais agus páirtithe eile v an Coimisiún agus BRA**

(Cás T-294/22)

(2022/C 276/18)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Fernando Mariño Pais (Outes, an Spáinn) agus 44 iarratasóirí eile (ionadaithe: B. Cremades Roman, J. López Useros, S. Cajal Martín agus P. Marrodán Lázaro, Abogados)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach agus an Bord Réitigh Aonair

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- dliteanas neamhchonarthach na gcosantóirí a dhearbhu agus a ordú do BRA agus don Choimisiún cúiteamh a íoc leis na hiarratasóirí don díobháil a fulaingíodh de dheasca cinneadh réitigh BPE (Banco Popular Español S.A agus a fhochuideachtaí);
- a ordú do BRA agus don Choimisiún costais an imeachta reatha a íoc;
- a ordú go mbeidh ús cúitimh ar na suimeanna arna mbronnadh ar na hiarratasóirí ó 23 Bealtaine 2017 (nó, mar mhalairt air sin, ó 7 Meitheamh 2017) go dáta an bhreithiúnais agus chomh maith leis sin, ús mainneachtana ó dháta an bhreithiúnais, seachas na costais arna dtabhú leis an imeacht reatha, ar a dtiocfaidh ús mainneachtana ó dháta an bhreithiúnais amháin; agus
- pé leigheas breise a mheasann sí a bheith oiriúnach faoin dlí a dheonú do na hiarratasóirí.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh na ráitis agus na sceitheanna, ar bhealach leordhóthanach, an Dualgas Rúndachta, Prionsabail an díchill agus an dea-riaracháin agus an Prionsabal *Nemo Auditur Propiam Turpitudinem Allegans*.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh, ar bhealach leordhóthanach, Prionsabail an Díchill, an Dea-Riaracháin, an Dualgais cúiseanna a lua, agus Prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus an neamh-threallachais sa phróiseas cinnteoireachta.

Ar an gcuma seo, léiríonn siad nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le cinneadh réitigh BPE, nár ráthaíodh go mbeadh luacháil neamhspleách chothrom, stuama agus réalaióch ar shócmhainní agus ar dhliteanais BPE agus go bhfuil an beart réitigh idirdhealaitheach agus treallach.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú, ar bhealach leordhóthanach, ar an gceart chun maoine príobháidí agus ar phrionsabal na comhréireachta.

---

**Caingean arna tabhairt an 20 Bealtaine 2022 – Flowbird v EUIPO – Apcoa Parking Holdings (FLOWBIRD)**

**(Cás T-296/22)**

(2022/C 276/19)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Flowbird (Neuilly-sur-Seine, an Fhrainc) (ionadaí: C. Pecnard, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Apcoa Parking Holdings GmbH (Stuttgart, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil le marc fiortha “FLOWBIRD” – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach Uimh. 1 478 123

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 3 Márta 2022 i gCás R 748/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc;
- a ordú do Apcoa Parking Holdings costais na n-imeachtaí os comhair EUIPO a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 23 Bealtaine 2022 – Domaine Boyar International v EUIPO – Consorzio DOC Bolgheri e Bolgheri Sassicaia (BOLGARÉ)**

**(Cás T-300/22)**

(2022/C 276/20)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Domaine Boyar International (Sóifia, an Bhulgáir) (ionadaí: F. Bojinova, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Consorzio DOC Bolgheri e Bolgheri Sassicaia (Castagneto Carducci, an Iodáil)

### **Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fiortha de chuid an Aontais Eorpaigh “BOLGARÉ” – Iarratas ar chlarú Uimh. 16 670 937

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 21 Márta 2022 i gCás R 2564/2019-2

### **An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ina iomláine;
- a ordú do EUIPO and don pháirtí leasmhar na costais arna dtabhú ag an iarratasóir i ndáil leis an gcaingean le haghaidh neamhniú seo a íoc.

### **Saincheisteanna dlí arna maíomh**

- Sárú ar Airteagal 46(1)(d) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- Sárú ar Airteagal 8(6) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 103(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

## **Caingean arna tabhairt an 23 Bealtaine 2022 – Vinokurov v an Chomhairle**

**(Cás T-302/22)**

(2022/C 276/21)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### **Páirtithe**

*Iarratasóir:* Alexander Semenovich Vinokurov (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: É. Épron, J. Choucroun agus E. Lebek, Avocats)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

### **An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- a dhearbhu go bhfuil an chaingean le haghaidh neamhniú seo inghlactha agus go bhfuil údar maith leis;
- Cinneadh (CBES) 2022/397 <sup>(1)</sup> ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin a chur ar neamhní i bpáirt, a mhéid a bhaineann sé leis an Uasal Alexander Vinokurov;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/396 <sup>(2)</sup> ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin a chur ar neamhní i bpáirt, a mhéid a bhaineann sé leis an Uasal Alexander Vinokurov;
- a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh iomlán na gcostas agus na speansas arna dtabhú sna himeachtaí a íoc;

— gach táille dlite, gach leigheas agus gach caingean eile a choinneáil don iarratasóir.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil easpa cúis shainiúil agus bheacht ag teacht leis an ngníomh lena ndéantar dochar. Mar thaca leis an éileamh sin, áitíonn an t-iarratasóir, *inter alia*, go dtagraítear i gcúiseanna na Comhairle d'earnálacha gníomhaíochta, ach go dtagraítear sna critéir dá dtagraítear i gCinneadh CBES 2022/397 do dhaoine áirithe amháin. Líomhnaíonn an t-iarratasóir chomh maith nach bhfuil an critéar maidir le soláthar an ioncaim shuntasach sonraithe agus nach bhfuil úsáid na gcúiseanna ag freagairt d'aon chritéar arna ardú ag an gComhairle. Ar deireadh, tá an t-iarratasóir den tuairim go bhfuil an chúis maidir le tacaíocht nó cur chun feidhme gníomhartha nó bearta éagsúil ón gcritéar ábhartha ar tacaíocht "ábhartha nó airgeadais" do Rialtas Chónaidhm na Rúise é.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an Chomhairle earráid fhollasach measúnaithe i ndáil leis an gcritéar ábhartha arna úsáid aici, eadhon, tacaíocht ábhartha nó airgeadais do chinnteoirí Rúiseacha, leas a fháil ó Rialtas Chónaidhm na Rúise nó foinse ioncaim shuntasach a sholáthar don Rialtas sin.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta, ar an mbonn gur féidir, le síneadh an chritéir iniaimh, pionós a ghearradh ar dhaoine nach bhfuil aon bhaint acu leis an staid san Úcráin amach anseo. Dá réir sin, áitítear go ndéanann an Chomhairle tagairt do sholáthar foinsí ioncaim ag earnálacha áirithe gníomhaíochta, ach ní chuireann sí sciar an mhargaidh de chuid an iarratasóra sna hearnálacha sin ná sealúchas caipitil an iarratasóra sna gnóthais a luaitear san áireamh.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar chearta cosanta an iarratasóra agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil.

- (<sup>1</sup>) Cinneadh (CBES) 2022/397, ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022, L 80, lch. 31).
- (<sup>2</sup>) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/396 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022, L 80, lch. 1).

### Caingean arna tabhairt an 23 Bealtaine 2022 – Dicofarm v EUIPO – Marco Viti Farmaceutici (Vitis pharma Dicofarm group)

(Cás T-303/22)

(2022/C 276/22)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Iodáilis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Dicofarm SpA (an Róimh, an Iodáil) (ionadaithe: F. Ferrari, L. Goglia agus G. Rapaccini, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Marco Viti Farmaceutici SpA (an Venéis, an Iodáil)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* an t-iarratasóir sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar thrádmharc fiortha de chuid an Aontais Eorpaigh Vitis pharma Dicofarm group – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 17 880 952

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 16 Márta 2022 i gCás R 1050/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach, a mhéid ina ndeimhnítear dearbhú neamhbhailíocht pháirteach an trádmhairc de chuid an Aontais Uimh. 17 880 952 arna fhógairt ag Rannán Neamhbhailíochta EUIPO le cinneadh an 19 Aibreán 2021, cealú Uimh. 38283 C;
- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach, a mhéid ina n-ordaítear don iarratasóir na costais a thabhaigh Marco Viti Farmaceutici sna himeachtaí achomhairc os comhair EUIPO a íoc;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí**

- Cur i bhfeidhm mícheart d'Airteagail 60 agus 8 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 24 Bealtaine 2022 – Rashnikov v an Chomhairle**

(Cás T-305/22)

(2022/C 276/23)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Viktor Filippovich Rashnikov (Magnitogorsk, an Rúis) (ionadaithe: D. Rovetta, M. Campa, M. Moretto, V. Villante agus M. Pirovano, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh (CBES) 2022/429 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin <sup>(1)</sup> agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin <sup>(2)</sup> ("Bearta a chonspóidtear") a chur ar neamhní a mhéid a chuirtear an t-iarratasóir ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a ndírítear orthu leis na bearta sriantacha;
- a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

**Saincheistanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a shonrú, ar Airteagal 296 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 41(2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha chomh maith le sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach agus ar Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe, mainneachtain an dualgas cruthúnais a urscaoileadh, sárú ar na critéir um liostú atá leagtha amach in Airteagal 1(1)(a) agus (e) agus 2(1)(a) agus (g) de Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 agus in Airteagal 3(1)(a) agus (g) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014, agus baint acu araon le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra chun maoine agus saoirse chun gnó a sheoladh (Airteagail 16 agus 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).
4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar bhunphrionsabal an neamh-idirdhealaithe.

<sup>(1)</sup> OI 2022, L 87 I, lch. 44.

<sup>(2)</sup> OI 2022, L 87 I, lch. 1.

### **Caingean arna tabhairt an 24 Bealtaine 2022 – A2B Connect agus páirtithe eile v an Chomhairle**

**(Cás T-307/22)**

(2022/C 276/24)

*Teanga an cháis: an Béarla*

#### **Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* A2B Connect BV (Purmerend, an Ísiltír), BIT BV (Ede, an Ísiltír), Freedom Internet BV (Amstardam, an Ísiltír) (ionadaí: L. Oranje, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

#### **An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

- Rialachán (AE) 2022/350 ón gComhairle an 1 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine <sup>(1)</sup> agus Cinneadh (CBES) 2022/351 ón gComhairle an 1 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchoibhsú staid na hÚcráine <sup>(2)</sup> a chur ar neamhní de bhun Airteagal 263 CFAE; agus
- a ordú don chosantóir na costais a íoc.

#### **Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear nach dtugtar le hAirteagal 29 CAE ná le hAirteagal 215 CFAE bunús dleathach don chinneadh a chonspóidtear ná don rialachán a chonspóidtear, faoi seach, agus/nó gur ghníomhaigh an cosantóir lasmuigh dá inniúlacht mar atá cumhdaithe sna Conarthaí, go háirithe Teideal V CAE.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go sáraítear leis an rialachán a chonspóidtear agus an cinneadh a chonspóidtear Airteagal 11 agus Airteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.
3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear go sáraítear leis an rialachán a chonspóidtear agus an cinneadh a chonspóidtear Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus gurb ionann iad agus sárú ar rialacha dlí a bhaineann le cur i bhfeidhm na gConarthaí, go háirithe prionsabail ghinearálta an dea-riaracháin.

<sup>(1)</sup> IO 2022, L 65, lch. 1.

<sup>(2)</sup> IO 2022, L 65, lch. 5.

### **Caingean arna tabhairt an 25 Bealtaine 2022 – PC v an Chomhairle**

**(Cás T-309/22)**

(2022/C 276/25)

*Teanga an cháis: an Béarla*

#### **Páirtithe**

*Iarratasóir:* PC (ionadaithe: G. Lansky, P. Goeth agus A. Egger, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh (CBES) 2022/429 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin <sup>(1)</sup> mar aon le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin <sup>(2)</sup> (“na Gníomhartha a chonspóidtear”) a neamhniú de bhun Airteagal 263 CFAE, a mhéid a dhíríonn na gníomhartha sin ar an t-iarratasóir; agus
- a ordú don Chomhairle na costais a íoc de bhun Airteagal 134 de na Rialacha Nós Imeachta.

### Saincheistanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin, lena líomhnaítear go ndearna an Chomhairle earráid measúnaithe sa mhéid is go bhfuil ainm an iarratasóra ar áireamh sna hiarscríbhinní a ghabhann leis na gníomhartha a chonspóidtear. Líomhnaíonn an t-iarratasóir:

- go bhfuil locht ábhartha ar chúiseanna na Comhairle maidir leis an iarratasóir a liostú;
- go mainníonn an Chomhairle na cúiseanna aonair, sonracha agus nithiúla a shainaithint ar forchuireadh bearta sriantacha ar an iarratasóir, agus nach bhfuil na cúiseanna ar a bhfuil sí ag braith mionsonraithe go leordhóthanach;
- nach leor an fhianaise a tugadh chun tacú le liostú an iarratasóra trí bhíthin na nGníomhartha a chonspóidtear.

<sup>(1)</sup> IO 2022 L 87 I, lch. 44.

<sup>(2)</sup> IO 2022 L 87 I, lch. 1.

### Caingean arna tabhairt an 25 Bealtaine 2022 – AMO Development v EUIPO (Ionstraimí leighis)

(Cás T-311/22)

(2022/C 276/26)

Teanga an cháis: an Béarla

### Páirtithe

*Iarratasóir:* AMO Development LLC (Santa Ana, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: J. Day, Solicitor agus T. de Haan, Dlídóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Dearadh atá faoi cheist:* Dearaí Comhphobail Uimh. 2 712 885-0001 agus 2 712 885-0002

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc EUIPO an 15 Márta 2022 i gcás R 1433/2021-3

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc, mar aon leis na costais arna dtabhú ag an iarratasóir sna himeachtaí os comhair an Tríú Bord Achomhairc EUIPO.

### Saincheist dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 67(1) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

**Caingean arna tabhairt an 25 Bealtaine 2022 – an Pholainn v an Coimisiún****(Cás T-314/22)**

(2022/C 276/27)

*Teanga an cháis: an Pholainnis***Páirtithe***Iarratasóir:* Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, Gníomhaire)*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach**An t-ordú atá á lorg:**

- An cinneadh ón gCoimisiún Eorpach atá sa litir dar dáta an 16 Bealtaine 2022, maidir le fritháireamh na méideanna i leith na n-íocaíochtaí pionósachalaethúla a d'ordaigh Leas-Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an 20 Meán Fómhair 2021 (*Poblacht na Seice v an Pholainn*, C-121/21 R, EU:C:2021:752) don tréimhse idir an 18 Eanáir 2022 agus an 3 Feabhra 2022, a neamhniú;
- A ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir dhá saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena líomhnaítear easpa inniúlachta an Choimisiúin agus sárú ar Airteagal 101 agus 102, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 98, de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 <sup>(1)</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a chuireann sé an nós imeachta maidir le haisghabháil méideanna dlite trí fhritháireamh since nach raibh ann do na méideanna sin a thuilleadh. Áitíonn an t-iarratasóir nach raibh aon bhunús dlí ag an gCoimisiún chun an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh os rud é go raibh éifeachtaí ordú an 20 Meán Fómhair 2021 tar éis dul in éag go cúlgabhálach toisc gur tháinig Rialtas na Polainne agus Rialtas na Seice ar chomhaontú cairdiúil, inar comhaontaíodh aon éileamh a bhí ag an dá pháirtí a tharscaoileadh agus Cás C-121/21 <sup>(2)</sup> a bhaint ó chlár na Cúirte Breithiúnais.
2. An dara saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 41(2)(c) agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh sa mhéid nach bhfuil ráiteas leordhóthanach ar na cúiseanna sa chinneadh atá faoi chonspóid. Áitíonn an t-iarratasóir gur mhainnigh an Coimisiún, agus an cinneadh atá faoi chonspóid á ghlacadh aige, ráiteas ar na cúiseanna a thabhairt, de réir mar a cheanglaítear air leis an gConradh agus le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, maidir leis an mbunús dlí leis an nós imeachta arna chur chun feidhme leis an gcinneadh sin chun na méideanna dlite a aisghabháil.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Ordú an 4 Feabhra 2022, *Poblacht na Seice v an Pholainn (Mine de Turów)*, C-121/21, nár foilsíodh, EU:C:2022:82.

**Caingean arna tabhairt an 27 Bealtaine 2022 – Yayla Türk v EUIPO – Marmara Import-Export (Sütat)****(Cás T-315/22)**

(2022/C 276/28)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis***Páirtithe***Iarratasóir:* Yayla Türk Lebensmittelvertrieb GmbH (Krefeld, an Ghearmáin) (ionadaithe: J. Bühling agus D. Graetsch, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Marmara Import-Export GmbH (Ratingen, an Ghearmáin)

### **Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* an t-iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “Sütat” – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 5 414 561

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 2 Márta 2022 i gCás R 1184/2021-5

### **An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- diúltú don iarratas ó Marmara Import-Export GmbH an 17 Meitheamh 2020 le haghaidh cealú i dtaca le trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 44 583 C;  
mar mhalairt air sin: an cás a tharchur ar ais chuig EUIPO le haghaidh éisteacht eile agus cinneadh;
- a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear iad siúd arna dtabhú sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc.

### **Saincheisteanna dlí**

- Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (EU) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- Sárú ar an gceart chun éisteacht a fháil.

---

## **Caingean arna tabhairt an 30 Bealtaine 2022 – Passalacqua v an Coimisiún**

**(Cás T-318/22)**

(2022/C 276/29)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

### **Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Roberto Passalacqua (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaí G. Belotti, dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

### **An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh ón gCoimisiún gan an t-iarratasóir a ardú go grád AD 11 trí nós imeachta bliantúil um ardú céime 2021, de thoradh a eisiamh ó liosta na n-oifigeach ar tugadh ardú céime dóibh a chur ar neamhní;
- Cinneadh ón gCoimisiún na hoifigigh a cuireadh san áireamh ar liosta na n-oifigeach a fuair ardú céime go grád AD 11 le haghaidh nós imeachta ardú céime 2021 a chur ar neamhní;
- Cinneadh ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena ndiúltaítear gearán Uimh. R/620/21 arna thíolacadh ag an iarratasóir de bhun Airteagal 90(2) de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a chur ar neamhní;

- aon bheart iarmhartach nó bainteach eile roimhe sin a chur ar neamhní;
- nó, mar mhalairt air sin, cúiteamh a dhámhachtain, as damáistí a eascraíonn as gníomhartha mídhleathacha an Choimisiúin.

### Saincheisteanna dlí arna maíomh

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear mí-úsáid cumhachtaí agus an chlaontacht fhollasach, gan údar maidir lenar measadh tuillteanais an iarratasóra i gcomparáid le tuillteanais oifigeach eile a bhí níos lú tuillte ag ardú céime.
  - Áitítear ina leith sin go ndéantar tagairt don chumhacht gan oifigeach a ardú, a thugtar don Choimisiún chun toradh a bhaint amach a leanann an measúnú neamhchlaonta comparáideach ar thuillteanas, ach ar baineadh mí-úsáid aisti anseo chun pionós a ghearradh ar an iarratasóir mar gheall ar óráid eolaíoch a thug sé ar ábhar an fhuinnimh núicléach, in 2021, a bhí údaraithe go cuí roimhe sin, a raibh meas ag na daoine a d'fhreastail air, ach gur tharla sé nach raibh glacadh maith leis *ex post* ag oifigeach sinsearach lasmuigh de líne ordlathach an iarratasóra agus cé a d'iompair ar ócáidí roimhe seo go míchuí ó bhéal i dtreo an dara duine sin.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear cé nach gceanglaítear ar an gCoimisiún cúiseanna a thabhairt lena chinntí maidir le hiarrthóirí nár éirigh leo, go bhfuil sé d'oibleagáid, ar an taobh eile, cúiseanna a thabhairt leis an gcinneadh lena ndíuláitear gearán arna thabhairt faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne ag iarrthóir nár tugadh ardú céime dó; agus ní mór go mbeadh na cúiseanna leis an gcinneadh sin i gcomhthráth leis na cúiseanna leis an gcinneadh ar ina leith a díriodh an gearán. Ní hamhlaidh atá sa chás seo.
  - Áitítear ina leith sin, ina theannta sin, nach cosúil go gcomhlíontar leis na forais chun an gearán a dhiúltú na caighdeáin oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta a cheanglaítear de réir cásdlí socair dhlí an Aontais sa réimse seo.

---

### Caingean arna tabhairt an 30 Bealtaine 2022 – Krematorium am Waldfriedhof Schwäbisch Hall v EUIPO (aquamation)

(Cás T-319/22)

(2022/C 276/30)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### Páirtithe

**Iarratasóir:** Krematorium am Waldfriedhof Schwäbisch Hall GmbH & Co. KG (Schwäbisch Hall, an Ghearmáin) (ionadaithe: F. Dehn, L. Maritzen agus C. Kleiner, Dlíodóirí)

**Cosantóir:** Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

**Trádmharc atá faoi cheist:** Iarratas ar chlárú an trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh “aquamation” – Iarratas Uimh. 18 453 264

**Cinneadh atá faoi chonspóid:** Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 29 Márta 2022 i gCás R 2154/2021-1

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear iad siúd arna dtabhú sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

- Sárú ar Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- Sárú ar Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- Sárú ar Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 30 Bealtaine 2022 – International Foodstuffs v EUIPO – Société des produits Nestlé (TIFFANY CRUNCH N CREAM)****(Cás T-321/22)**

(2022/C 276/31)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe***Iarratasóir:* International Foodstuffs Co. LLC (Sharjah, Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha) (ionadaí: J. Blum, Dlíodóir)*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Société des produits Nestlé SA (Vevey, an Eilvéis)**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO***Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “TIFFANY CRUNCH N CREAM” – Iarratas ar chlarú Uimh. 18 002 077*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 21 Márta 2022 i gCás R 2136/2020-2**An t-ordú atá á lorg***Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:*

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ina iomláine;
- a ordú do EUIPO agus don idiragraí, de bhun Airteagal 134 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, na costais arna dtabhú ag an iarratasóir i ndáil leis na himeachtaí seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

- Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 1 Meitheamh 2022 – Konov v an Chomhairle****(Cás T-326/22)**

(2022/C 276/32)

*Teanga an cháis: an Fhraincis***Páirtithe***Iarratasóir:* Dmitry Konov (Moscó, an Rúis) (ionadaí: F. Bélot, Dlíodóir)*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh (CBES) 2022/397 <sup>(1)</sup> ón gComhairle an 9 Márta 2022 a chur ar neamhní a mhéid a chuirtear ainm an iarratasóra ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2014/145 ón gComhairle an 17 Márta 2014;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/396 <sup>(2)</sup> ón gComhairle an 9 Márta 2022 a chur ar neamhní a mhéid a chuirtear ainm an iarratasóra ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2014/269 ón gComhairle an 17 Márta 2014;
- a ordú don Chomhairle EUR 500 000 a íoc ar bhonn eatramhach as an damáiste morálta a d'fhulaing an t-iarratasóir;
- a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil agus ar an oibleagáid cúiseanna a shonrú. Áitíonn an t-iarratasóir, ar dtús, nach bhfuil cúiseanna sonracha agus nithiúla ar leith leagtha amach ag an gComhairle a thabharfadh léiriú leordhóthanach dó ar bhailíocht na mbeart sriantach a glacadh ina choinne. Measann sé go bhfuil na cinntí a chonspóidtear bunaithe ar bhunús fíorasach nach bhfuil sách láidir, ar chúiseanna nach bhfuil bunús leo agus nach bhfuil iontu ach cúiseanna teibí. Ansin, measann an t-iarratasóir go gcuireann an Chomhairle an oibleagáid air cruthúnas diúltach a sholáthar ar na fíorais ghinearálta a líomhnaítear ina choinne agus, mar sin, ag aisiompú an dualgas cruthúnais, rud atá contrártha leis na cearta is bunúsaí de chuid na cosanta. Ar deireadh, éilíonn an t-iarratasóir nach leor na forais líomhnaithe agus nach bhfuil aon fhianaise inchreidte agus shubstainteach ag tacú leis na forais sin ann agus áitíonn sé go gcuirtear cosc leis sin le hathbhreithniú breithiúnach leordhóthanach ar dhlíthiúlacht a ainm a áireamh agus a choimeád ar an liosta daoine atá faoi réir na mbeart sriantach i dtrácht.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe, ar an bhforas nach bhfuil agus nach raibh tionchar cinntitheach ag an iarratasóir ar PJSC SIBUR Holding. Thairis sin, ní foinse ioncaim shuntasach do rialtas na Rúise í an chuideachta PJSC SIBUR Holding agus ní bheadh nasc dlúth aige leis.
3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta agus na córa comhionainne. Áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil na forais lena líomhnaítear go bhfuil údar maith leis na bearta sriantacha ina choinne idirdheallaitheach agus díréireach i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag an gComhairle.
4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra, eadhon an ceart maidir le meas i leith maoinne, an ceart maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, an ceart chun saoirse chun gnó a sheoladh agus an ceart chun toimhde na neamhchiontachta.

<sup>(1)</sup> Cinneadh (CBES) 2022/397 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022, L 80, lch. 31).

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/396 ón gComhairle an 9 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022, L 80, lch. 1).

## Caingean arna tabhairt an 6 Meitheamh 2022 – Khan v an Chomhairle

(Cás T-333/22)

(2022/C 276/33)

Teanga an cháis: an Fhraincis

## Páirtithe

Iarratasóir: German Khan (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaithe: T. Marembert agus A. Bass, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh (CBES) 2022/429 <sup>(1)</sup> ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/427 <sup>(2)</sup> ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir;
- a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear easpa bunúis dlí don chritéar maidir le “príomhdhaoine gnó atá páirteach in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine”, ar an mbonn nach bhfuarthas nasc leordhóthanach idir catagóir na ndaoine aonair dá dtagraítear sa chritéar sin agus Cónaidhm na Rúise.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear mídhleathacht an chritéir maidir le “príomhdhaoine gnó atá páirteach in earnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine” ar bhonn sárú dúbailte ar phrionsabal na comhréireachta. Tá an t-iarratasóir den tuairim, ar dtús, go bhfuil an critéar arna agairt ag an gComhairle míchuí go follasach i bhfianaise an chuspóra a shaothraítear agus, ar an dara dul síos, go raibh an fhéidearthacht ann leas a bhaint as bearta nach raibh chomh sriantach sin.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe. Áitíonn an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, nach gcomhlíonann an fhianaise ar a bhfuil an Chomhairle ag brath ceanglais an chásdlí Eorpaigh ar chaighdeán agus ar cháilíocht na fianaise, agus ar an dara dul síos, nach bhfuil aon cheann de na maímh i ráiteas na Comhairle ar na cúiseanna cruthaithe agus nach féidir go mbeidís ag freagairt do na critéir faoi phointí (d) agus (g) den leagan de Chinneadh 2014/145 (CBES) a bhí i bhfeidhm ag an am.

<sup>(1)</sup> Cinneadh (CBES) 2022/429 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022, L87 I, lch. 44).

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022, L87 I, lch. 1)

### Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Aibreán 2022 – Satabank v BCE

(Cás T-563/20) <sup>(1)</sup>

(2022/C 276/34)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán an Chéad Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

<sup>(1)</sup> IO C 423, 7.12.2020.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 20 Aibreán 2022 – Paccor Packaging agus páirtithe eile v an Coimisiún****(Cás T-148/21) <sup>(1)</sup>**

(2022/C 276/35)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán an Deichiú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

---

<sup>(1)</sup> IO C 206, 31.5.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 8 Aibreán 2022 – EurO3zon v ECHA****(Cás T-199/21) <sup>(1)</sup>**

(2022/C 276/36)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán an Seachtú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

---

<sup>(1)</sup> IO C 217, 7.6.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 13 Aibreán 2022 – NW v an Coimisiún****(Cás T-20/22) <sup>(1)</sup>**

(2022/C 276/37)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

D'ordaigh Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

---

<sup>(1)</sup> IO C 95, an 28.2.2022.

---





ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán  
an Aontais Eorpaigh  
L-2985 Lucsamburg  
LUCSAMBURG

GA